



Caomhantas Uisce

Bileog Eolais 05

Is minic a chuireann daoine an cheist cén fáth a gcaithfidh siad uisce a chaomhnú in Éirinn. Nach bhfuil neart uisce againn? Nach mbíonn sé ag cur báistí an t-am ar fad? Is í an fhírinne í go mbíonn sé ag cur báistí a lán in Éirinn ach an rachfása chuig an abhainn áitiúil chun deoch uisce a ól? Nó an nifeá do chuid éadaigh nó soithí san abhainn áitiúil? Cén fáth sin, dar leat?

Tá trí phríomhchúis leis sin:

- **Sláinte.** Níl a fhios agat an bhfuil an t-uisce slán le húsáid.
- **Áisiúlacht.** Tá sé níos áisiúla an t-uisce a chur air le haghaidh deoch uisce nó cithfholcadh a ghlacadh.
- **Truailliú.** Fuíolluisce de dheasca do chuid gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh bheith ina chúis le truailliú, *m.sh. glantach a úsáidtear chun soithí a ní.*

Mar sin, ní mór an t-uisce a théann isteach i do theach/scoil a bhaint amach as an abhainn agus sin a chóireáil i nGléasra Cóireála Uisce. Ní mór an t-uisce sin a dháileadh trí líonra 7,200 km de phíopaí chun é a chur amach chuig do theach/scoil agus ní mór an fuíolluisce sin a chóireáil sular féidir é a scaoileadh isteach sa timpeallacht.

Cosnaíonn sin a lán airgid. Má chuireann tú uisce amú mar sin, is amhlaidh atá tú ag cur airgid amú freisin!

Is iomaí duine beo sa domhan inniu a chaithfidh dul amach faoi choinne an uisce go léir atá de dhíth orthu agus b'fhéidir nach mbainfidís úsáid ach amháin as suas le 10 lítear den uisce sin in aghaidh an lae. Bainimid úsáid as sin go léir, nach mór, in aon sruthlú amháin leithris! Smaoinigh féin cé chomh difriúil agus a bheadh do shaol mura mbeifeá in ann an t-uisce a chur ag rith as na sconnaí uisce

Féach na leideanna laistigh maidir le huisce a chaomhnú. ➡



Seo roinnt leideanna chun uisce a chaomhnú sa bhaile agus ar scoil:

Sa Chistin:



Fan go dtí go bhfuil lód iomlán sa mhiasniteoir agat sula gcuirfidh tú ar obair é.

Is féidir le sconna atá ag ligean os cionn 4 lítear uisce in aghaidh an lae a chur amú. Deisigh aon sconnaí nó phíopaí uisce atá ag ligean uisce, is féidir le fiú amháin braon beag anuas cur le méid an uisce thar am.

Bain úsáid as babhla chun glasraí/soithí a ní – bainfidh tú úsáid as níos lú uisce ná mar a dhéanfaidh tú agus an doirteal a líonadh.



Más deoch fhuar atá uait, cén fáth nach líonfaidh tú crúiscín clúdaithe agus sin a chur sa chuisneoir in áit an t-uisce a chur ag rith go dtí go bhfuil sé fuar go leor?

Seomra Folctha:



Baintear úsáid as 80 lítear uisce le haghaidh an mheánfholctha. Cad chuige nach nglactá cithfholcadh ina áit sin? Cithfholcadh cúig nóiméad, is féidir leis sin an leathchuid d'uisce an mheánfholctha a úsáid ach seachain na cithfholcthaí cumhachta mar is féidir leo trian níos mó a úsáid ná uisce an mheánfholctha.

Is féidir le roinnt sistéil mhóra leithris leanúint de bheith ag feidhmiú go héifeachtach agus iad á sruthlú le níos lú uisce. Cuir ionsáiteán leithris (mar shampla, mála Hippo) sa sistéal. Laghdóidh sin an méid uisce faoi 3 lítear a scaoiltear amach gach uair a dhéanann tú an leithreas a shruthlú.



Tugtar faoi deara más gá an leithreas a shruthlú níos mó ná uair amháin chun é a ghlanadh gur chóir duit an mála Hippo a bhaint amach mar bainfidh tú úsáid as tuilleadh uisce.



Má tá uisce ag rith as sconna, is féidir leis sin suas le 6 lítear in aghaidh an nóiméid a úsáid. Ná fág an sconna uisce ag rith nuair atá tú ag scuabadh do chuid fiacla.

Níl rialtáin ina lán fualán agus leantar de bheith á sruthlú ar feadh 24 uaire sa lá, seacht lá sa tseachtain. Fágann sin go mbainfear úsáid as formhór an uisce chun an leithreas a shruthlú nuair nach bhfuil aon duine san fhoirgneamh agus go gcuirfear lear mór uisce amú dá bhrí sin. Ba chóir gairis rialaithe sruthlaithe a shuiteáil i gcásanna den chineál sin.



Seomra na nAcráí:



Is féidir le hinnill níochna suas le 65 lítear uisce a úsáid in aghaidh an lóid.

Fan go dtí go bhfuil lód iomlán éadaí agat sula ndéanfaidh tú an níochna nó bain úsáid as an gcnaipe chun leathlód a ní. Coigleoidh tú uisce, leictreachas agus glantach.

Nuair a cheannóidh tú fearas nua úsáidte uisce, seiceáil é go bhfeicfidh tú an mbaineann sé úsáid éifeachtach as uisce

Amuigh faoin Spèir:

Úsáideann aisréadóir níos mó uisce in aghaidh aon uaire amháin ná mar a úsáideann teaghlach ceathrair ar feadh lá amháin. Bain úsáid as canna spréite in ait aisréadóra.



Cuir uisce ar an ghairdín um thráthnóna chun an méid uisce a laghdú a d'fhéadfadh galú.

Sula gcuirfidh tú uisce ar do phlandaí, éist le réamhfhaisnéis na haimsire – d'fhéadfadh sé bheith ag cur báistí amárach!

Cén fáth nach gcrinneoidh tú báisteach ó dhíon an tí agus ó fhánphíobáin i mbuta uisce nó i mbuicéid agus sin a úsáid chun uisce a chur ar do phlandaí?

Mar aisréadóirí gairdín, is féidir le píobáin sholúbtha os cionn 500 lítear uisce in aghaidh na huaire a úsáid – bain úsáid as buicéad agus spúinse chun do ghluasteán a ghlanadh ina áit sin.



